Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 31 Deireadh Fómhair 2025
(OR. en)

14551/25
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0454 (COD)**

CODEC 1643
ENV 1109
MI 826
COMPET 1068
CHIMIE 121
ENT 239
IND 458
RECH 468

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2011/65/AE a mhéid a bhaineann le hathshannadh cúraimí eolaíocha agus teicniúla chuig an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráiteas |

**Ráiteas ón gCoimisiún**

Tugann an Coimisiún dá aire go bhféadfadh tionchair dhiúltacha a bheith ag timthriall athbhreithnithe 48 mí chun substaintí nua a chur leis an Treoir maidir le Srian ar Shubstaintí Guaiseacha ar cháilíocht an mheasúnaithe agus ar an bpróiseas comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara. Ach an measúnú sin ar shubstaintí a bheith ina chleachtadh buan, d'fhéadfaí éiginnteachtaí a chruthú don earnáil trealaimh leictrigh agus leictreonaigh.

Thairis sin, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil gá le 12 mhí ar a laghad chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh le haghaidh díolúintí faoin Treoir maidir le Srian ar Shubstaintí Guaiseacha. Maidir leis an oibleagáid gníomhartha tarmligthe a ghlacadh laistigh de 9 mí tar éis tuairim a fháil ó Choistí na Gníomhaireachta, tá an baol ann nach bhféadfaidh an Coimisiún an sprioc-am a chomhlíonadh.